Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9671/22**
**ADD 1**

**JAI 780**
**COPEN 218**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 249 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle I dtreo Treorach maidir le pionóis choiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 249 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2022) 249 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.5.2022
COM(2022) 249 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle*

**I dtreo Treorach maidir le pionóis choiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais**

## 1.1. Réamhrá

Dá gcuirfí an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’), chuirfí ar chumas an Choimisiúin Treoir a mholadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, lena bhféadfaí an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis a chomhfhogasú.

Bheadh ar thogra den sórt sin ón gCoimisiún cloí le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta lena rialaítear gníomhaíocht uile an Aontais[1]. Níor mhór freisin é a bheith i gcomhréir leis na ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr[2]. Thairis sin, bheadh ar an togra breathnú ar shainiúlachtaí an dlí choiriúil[3]. Go háirithe, le sainmhínithe agus pionóis an dlí choiriúil a chomhfhogasú, bheadh gá na difríochtaí idir córais cheartais choiriúil na mBallstát a chur san áireamh, lena n-áirítear maidir le pionóis.

Thairis sin, bheadh ar an Treoir a thiocfaidh ina dhiaidh sin cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’)[4]. Go háirithe, níor mhór a áirithiú go comhlíontar forálacha na Treorach maidir leis na cearta chun saoirse agus slándála, le cosaint sonraí pearsanta, leis an gceart chun maoine, leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, le toimhde na neamhchiontachta agus leis an gceart cosanta, le prionsabail na dlíthiúlachta, lena n-áirítear prionsabal na neamh-aisghníomhaíochta pionós coiriúil agus comhréireacht cionta coiriúla agus pionós, chomh maith le prionsabal *ne bis in idem*.

Chumhdófaí leis an Treoir a bheidh ann amach anseo réimse saincheisteanna dlí choiriúil is gnách a bheith i dTreoracha an Aontais bunaithe ar Airteagal 83 CFAE. Seo a leanas liosta léiritheach de na forálacha a d’fhéadfadh a bheith sa togra reachtach a bheidh ann amach anseo.

## 1.2. Raon feidhme

Leagfaí amach sa chéad fhoráil cuspóir agus raon feidhme na Treorach, agus soiléireofaí go háirithe go bhfuil feidhm aici maidir le sárú ar bhearta sriantacha. Glactar na bearta sriantacha sin de bhun Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagal 215 CFAE agus áirítear orthu bearta aonair spriocdhírithe, i.e. calcadh sócmhainní, toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus srianta ar iontráil (toirmeasc taistil), chomh maith le bearta sriantacha earnálacha, i.e. trádbhaic arm nó bearta eacnamaíocha agus airgeadais (e.g.

[1] Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach; Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, I dTreo Bheartas Coiriúil an Aontais Eorpaigh: Cur chun feidhme éifeachtach bheartais an Aontais a áirithiú tríd an dlí coiriúil, COM (2011) 573 final, 20.09.2011; Conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte i ndáil leis an dlí coiriúil a bheidh ann amach anseo i reachtaíocht an Aontais, doic. 14162/09 ón gComhairle an 9.10.2009; Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Bealtaine 2012 maidir le cur chuige an Aontais i dtaca leis an dlí choiriúil, IO C 264E, 13.9.2013, lgh. 7-11.

[4] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407.

srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú, srianta ar sholáthar seirbhísí áirithe, amhail seirbhísí baincéireachta).

### 1.3. Sainmhínithe

San Airteagal seo den Treoir bheadh na sainmhínithe ábhartha uile, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, trí fhorálacha na Rialachán agus na gCinntí ón gComhairle maidir le bearta sriantacha a chrostagairt. D'áireofaí leis na sainmhínithe sin, i measc nithe eile, 'bearta sriantacha', 'eintiteas ainmnithe' agus 'duine ainmnithe'. Sampla ábhartha de bheart dlí choiriúil ina n-áirítear crostagairtí comhchosúla san fhoráil maidir le sainmhínithe is ea Treoir 2014/57/AE maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh)[5].

### 1.4. Cionta coiriúla, lena n-áirítear gríosú, cabhrú, neartú agus iarracht a dhéanamh

Sna hAirteagail maidir leis na cionta atá le comhfhogasú leis an Treoir, d'áireofaí sainmhínithe beachta ar chionta coiriúla éagsúla a bhaineann le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais, amhail na cionta seo a leanas:

- cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach do dhuine/eintiteas ainmnithe nó chun tairbhe duine/eintitis ainmhithe;
- mainneachtain cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar le duine/eintiteas ainmnithe iad, atá ina seilbh nó faoina rialú a chalcadh;
- gabháil do ghníomhaíochtaí airgeadais toirmiscthe, amhail iasachtaí nó creidmheas atá toirmiscthe a sholáthar;
- gabháil do ghníomhaíochtaí trádála, tráchtála nó eile atá toirmiscthe, amhail earraí agus teicneolaíocht a chumhdaítear le toirmisc trádála a allmhairiú nó a onnmhairiú, nó seirbhísí toirmiscthe a sholáthar;
- na coinníollacha is infheidhme a shárú faoi údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla;
- mainneachtain aon oibleagáid maidir le faisnéis a sholáthar do na húdaráis a chomhlíonadh, amhail an oibleagáid aon sócmhainní ar le duine/eintiteas ainmnithe, atá ina seilbh nó faoina rialú, a dhearbhú;
- gabháil do ghníomhartha nó do ghníomhaíochtaí a fhéachann le dul timpeall ar na bearta sriantacha go díreach nó go hindíreach, le heolas agus le hintinn, lena n-áirítear trí bheith páirteach i scéimeanna atá ceaptha chun sócmhainní nó rannpháirtíocht daoine/eintiteas ainmnithe a cheilt, trí chuidiú le spriocanna na mbeart sriantach a dtionchar a sheachaint, nó trí fhaisnéis mhíthreorach a chur ar fáil do na húdaráis;
- gan tuairisciú a dhéanamh ar shárú ar bhearta sriantacha, nó ar ghníomhaíochtaí a fhéachann le teacht timpeall orthu, de shárú ar oibleagáid shonrach maidir le tuairisciú.

Mura bhforáiltear a mhalairt, maidir leis na cionta atá le comhfhogasú, bheadh gá le hintinn, nó ar a laghad mórfhaillí bunaithe ar an eolas go mbaineann an t-iompar le daoine, le heintitis, le gníomhaíochtaí nó le maoin atá faoi réir beart sriantach, nó gan aird a thabhairt ar bhearta sriantacha nó toirmisc dhlíthiúla ghaolmhara (daille toiliúil).

[5] Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an Treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) IO L 173, 12.6.2014, lgh. 179-189, Airteagal 2.

D'áireofaí sa Treoir freisin cionta gaolmhara, amhail sciúradh airgid. Chuige sin, chuirfeadh foráil d'oibleagáid arna Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag an gcion sciúrtha airgid, mar a thuairiscítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/1673[6], maidir le maoin a gnóthaíodh ó na cionta coiriúla a chumhdaítear leis an Treoir.

Thairis sin, bheadh foráil sa Treoir lena gcuirfí d'oibleagáid ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gurb inphionóis mar chionta coiriúla gríosú, cabhrú agus neartú le déanamh na gcionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir, mar aon leis an iarracht na cionta sin a dhéanamh[7].

**1.5. Pionóis do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha**

I Rialacháin ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 215 CFAE áirítear go córasach foráil lena gceanglaítear ar na Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh lena bhforáiltear do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin ábhartha[8]. Ós rud é go bhfágann an oibleagáid sin bearnaí suntasacha idir leibhéil agus cineálacha na bpionós, ba cheart Airteagal maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha a bheith sa Treoir a bheidh ann amach anseo. Bheadh na pionóis sin infheidhme maidir leis na cionta go léir a luaitear i roinn 1.4 thuas, agus chomh maith leis sin chuirfeadh siad de cheangal ar na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm agus íosmhéid áirithe de na pionóis choiriúla uasta a leagan amach, lena n-áirítear fíneálacha le haghaidh daoine nádúrtha. Ba cheart na pionóis sin a bheith comhréireach i ndáil le tromchúis shuntasach na gcionta[9].

Ina theannta sin, d'áireofaí sa Treoir foráil maidir le dliteanas daoine dlítheanacha. Bheadh an fhoráil seo infheidhme maidir leis na cionta go léir atá luaite in alt 1.4 thuas. I gcomhréir leis an bhforáil seo, bheadh ar na Ballstáit foráil a dhéanamh do phionóis agus do dhliteanas daoine dlítheanacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) le haghaidh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear i roinn 1.4 arna déanamh chun a dtairbhe ag daoine a bhfuil post ceannaireachta acu laistigh den duine dlítheanach; nó

(ii) i gcás easpa maoirseachta nó rialaithe ag daoine a bhfuil post ceannaireachta acu, rud a d'fhág go bhféadfadh duine faoina n-údarás aon cheann de na cionta coiriúla thuasluaite a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin[10].

Chomh maith leis sin, dhéanfadh an Treoir na pionóis is infheidhme maidir le daoine dlítheanacha a comhfhogasú. Go háirithe, cheanglófaí ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach atá faoi dhliteanas de bhun na bhforálacha ábhartha

---

6 Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil, IO L 284, 12.11.2018, lgh. 22-30.

7 Treoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil ('Treoir CLA'), IO L 198, 28.7.2017, lch. 29-41, Airteagal 5; An Treoir maidir le drochúsáid mhargaidh, Airteagal 6.

8 Mar shampla, féach Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, téacs comhdhlúite atá ar fáil ag EUR-Lex - 02014R0833-20220413 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

9 Féach freisin Treoir PIF, Airteagal 7; An Treoir maidir le drochúsáid mhargaidh, Airteagal 7.

10 Féach freisin Treoir PIF, Airteagal 6; An Treoir maidir le drochúsáid mhargaidh, Airteagal 8.

a pléadh i roinn 1.4 faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, lena n-áirítear na pionóis seo leanas:

- fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla;
- eisiamh sealadach ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;
- dícháiliú sealadach nó buan an duine dhlítheanaigh sin ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú;
- ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion a tharraingt siar;
- cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- foirceannadh breithiúnach; agus
- bunaíochtaí a úsáidtear chun an cion a dhéanamh a dhúnadh go sealadach nó go buan[11].

Ina theannta sin, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh sa Treoir gur cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh daoine dlítheanacha a bhaineann tairbhe as cionta a dhéanann daoine, de shárú ar bhearta sriantacha Aontais inphionóis le fíneálacha, agus níor cheart teorainn uasta na bhfíneálacha sin a bheith níos lú ná céatadán áirithe de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.

Ní chuirfí as an áireamh le dliteanas daoine dlítheanacha go bhféadfaí imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne daoine nádúrtha is déantóirí na gcionta coiriúla dá bhforáiltear i roinn 1.4.

### 1.6. Imthosca géaraitheacha nó maolaitheacha

Bheadh Airteagal sa Treoir freisin ina leagfaí amach na himthosca géaraitheacha a bheadh le cur san áireamh nuair a bheadh pionóis á gcur i bhfeidhm i leith ciona dá dtagraítear i roinn 1.4 thuas. D'fhéadfaí a áireamh leis na himthosca géaraitheacha sin na nithe seo a leanas:

- iarmhairtí tromchúiseacha an tsáraithe i bhfianaise chuspóirí na mbeart sriantach;
- ardluach na gcistí, na n-acmhainní eacnamaíocha, na n-earraí nó na teicneolaíochta atá i gceist;
- gurb é oifigeach poiblí a rinne an cion agus a chuid dualgas á gcomhlíonadh aige;
- go ndearnadh an cion i gcomhthéacs gníomhaíochta gairmiúla príobháidí, lena n-áirítear trí dhualgais ghairmiúla an duine a shárú;
- coimisiún an chiona i gcomhthéacs eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB[12];
- bhain an cion le doiciméid bhréagacha nó doiciméid bhrionnaithe a úsáid;
- rinne an ciontóir sáruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais maidir le bearta sriantacha roimhe sin;
- chuir an ciontóir bac gníomhach ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe, nó chuir sé imeaglú ar fhinnéithe nó chuir sé isteach orthu; agus

---

11 Féach freisin Treoir PIF, Airteagal 10; An Treoir maidir le drochúsáid mhargaidh, Airteagal 9.

12 Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe IO L 300, 11.11.2008, lgh. 42-45).

- rinne an cion sochair airgeadais shubstaintiúla a gineadh nó bhíothas ag súil leis go nginfear sochair airgeadais shubstaintiúla leis (agus go ndéanfaí sainmhíniú breise in aithris ar na sochair airgeadais shubstaintiúla).

Bheadh Airteagal sa Treoir freisin ina leagfaí amach na himthosca géaraitheacha a bheadh le cur san áireamh nuair a bheadh pionóis á gcur i bhfeidhm i leith ciona dá dtagraítear i roinn 1.4 thuas. Go háirithe, i gcomhréir leis an Airteagal seo, bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú, i ndáil leis na cionta thuasluaite, go bhféachfaí ar fhíricí áirithe mar imthoisc mhaolaitheach. Bheadh sé seo i gceist, mar shampla, leis an bhfíric gur chuir ciontóir faisnéis ar fáil do na húdaráis riaracháin nó bhreithiúnacha nach mbeidís in ann a fháil murach sin, ag cabhrú leo ciontóirí eile a aithint nó a thabhairt os comhair cúirte nó fianaise a aimsiú.

**1.7. Rialacha dlínse**

D'áireofaí sa Treoir freisin foráil maidir le rialacha dlínse. *Inter alia*, de réir shampla Airteagal 11 de Threoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil ('Treoir PIF'), bheadh ar Bhallstát dlínse a bhunú ar na cionta dá dtagraítear i roinn 1.4., i gcás ina ndéanfaí an cion coiriúil ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch nó i gcás inar náisiúnach dá chuid an ciontóir. Ina theannta sin, bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas má chinneann siad a ndlínse a leathnú ar chionta a rinneadh san cásanna seo a leanas:
- (i) ag gnáthchónaitheoirí ina gcríoch;
- (ii) chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina gcríoch; nó
- (iii) ag duine dá n-oifigigh ag gníomhú dó agus é i mbun a dhualgais oifigiúil.

I gcásanna inar náisiúnach dá chuid é an ciontóir, ní bheadh cead ag na Ballstáit feidhmiú na dlínse a chur faoi réir an choinníll nach bhféadfaí ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (i) tar éis don íospartach tuairisc san áit ina ndearnadh an cion coiriúil; nó
- (ii) tar éis séanadh ón Stát san áit ina ndearnadh an cion coiriúil.

Tá an clásal dlínse seo a leanas san áireamh go córasach i Rialacháin ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 215 CFAE:

'Beidh feidhm ag an Rialachán seo:
(a) laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear a aerspás;
(b) ar bord aon aerárthach nó aon soitheach faoi dhlínse Ballstáit;
(c) maidir le haon duine, laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, ar náisiúnach Ballstáit é;
(d) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;
(e) maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach laistigh den Aontas.'

Léireofar é sin sa Treoir freisin. Go háirithe, i gcomhréir le mír (e) thuas, bheadh sé de cheangal ar na Ballstáit a ndlínse choiriúil a leathnú chuig daoine nach daoine de chuid an Aontais iad

lasmuigh de chríoch an Aontais a mhéid a bhfuil nasc idir an tAontas ag a ngnó (a d'fhéadfadh baint a bheith aige, dá réir sin, lena sócmhainní freisin).

### 1.8. Tréimhsí teorann

D'áireofaí sa Treoir foráil a bheadh infheidhme maidir leis na cionta ar fad atá luaite i roinn 1.4 thuas, foráil a d'éileodh íostréimhse teorann a bhunú, chomh maith le foráil maidir leis an Tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú pionós tar éis ciontú deiridh. Is féidir sampla ábhartha a fháil in Airteagal 12 de Threoir PIF. I gcomhréir leis an Airteagal seo, ní mór do na Ballstáit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) tréimhsí teorann a fhorordú le haghaidh tréimhse leordhóthanach tar éis na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir a bheith dhéanta chun dul i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin, agus beidh feidhm ag íostréimhsí teorann maidir le cionta is inphionóis le pionós uasta ceithre bliana príosúnachta ar a laghad;

(ii) na bearta is gá a dhéanamh chun go bhféadfar pionóis a chur i bhfeidhm.

### 1.9. Comhar idir Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus le tríú stáit

Chun imscrúdú cásanna a bhfuil gné trasteorann ag baint leo a fheabhsú, bheadh foráil sa Treoir a mbeadh gá le comhar frithpháirteach idir údaráis inniúla na mBallstát, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear Eurojust agus Europol[13]. D'éascódh foráil na Treorach freisin comhroinnt faisnéise maidir le saincheisteanna praiticiúla (go háirithe, patrúin imchéimniúcháin, e.g. struchtúir chun fíorúinéireacht/rialú sócmhainní a cheilt) le húdaráis i mBallstáit eile agus leis an gCoimisiún.

### 1.10. Sceithirí eolais

Chun éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais a fheabhsú, sheol an Coimisiún Uirlis Smachtbhannaí an Aontais do Sceithirí Eolais le déanaí[14]. De bharr na tábhachta a bhaineann le rannchuidiú na sceithirí le cur i bhfeidhm cuí bhearta sriantacha an Aontais, dhéanfaí foráil leis an togra ón gCoimisiún maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh an chosaint a dheonaítear faoi Threoir (AE) 2019/1937[15] infheidhme i dtaca le daoine a thuairiscíonn cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir. Thairis sin, bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an tacaíocht agus an cúnamh is gá ar fáil i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla do dhaoine a thuairiscíonn cionta dá

[13] Féach freisin Treoir PIF, Airteagal 15.

[14] An Coimisiún Eorpach, Forléargas ar smachtbhannaí agus uirlisí gaolmhara, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/international-relations/restrictive-measures-sanctions/overview-sanctions-and-related-tools_ga#whistleblower.

[15] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, IO L 305, 26.11.2019, lgh. 17-56.

dtagraítear sa Treoir agus a sholáthraíonn fianaise nó a oibríonn ar shlí eile i gcomhar leis na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú[16].

## 2. AN BEALACH AR AGHAIDH

A luaithe a thiocfaidh an Chomhairle ar chomhaontú agus a thabharfaidh Parlaimint na hEorpa a toiliú an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) CFAE, bheadh an Coimisiún in ann Treoir a mholadh láithreach faoin ngnáthnós imeachta reachtach, lena bhféadfaí an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis a chomhfhogasú.

Bheadh ar an togra sin ón gCoimisiún cloí le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta lena rialaítear gníomhaíocht uile an Aontais[17]. Bheadh gá freisin lena bheith i gcomhréir le ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr[18].

16 Féach freisin Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a thagann in ionad Threoir 2008/99/CE, COM(2021)851 final, 15.12.2021, Airteagal 13.

17 Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(4) de TEU; Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

18 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, 12.5.2016, lch. 1-14.